**RABHADH**

**CAITHFEAR an Páipéar Ceisteanna seo a chur ar ais le do leabha(i)r freagraí ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh d'uimhir scrúdaithe anseo ⇒** | |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2004**

**DÉ CÉADAOIN, 23 MEITHEAMH 2004, MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 Marc)**

Freagair **sé** cheist i Roinn A agus **ceithre** cheist i Roinn B. Tabharfar creidiúint ar fhreagairt shoiléir ghonta agus ar ord slachtmhar an ábhair.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Ná scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc)
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.


**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA F(H)REAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT**

# ROINN A (100 Marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra seo a leanas sna spásanna atá ann dóibh.

**1**. Taispeánann an léaráid Éileamh agus Soláthar i margadh.
(i) Lipéadaigh gach líne ó 1 go 3.
(ii) Taispeáin ar an léaráid:
- an praghas cothromaíochta ($P_1$) a ghearrtar ar an earra;
- an chainníocht chothromaíochta ($Q_1$) a dhíoltar ar an margadh.

(iii) Luaigh an éifeacht ar an bpraghas cothromaíochta agus ar an gcainníocht araon má bhogann cuar an éilimh ar dheis:




Éifeacht ar an bpraghas: ____________________________

Éifeacht ar an gcainníocht: ___________________________

(16 marc)

**2**. Luaigh **TRÍ** chonstaic in aghaidh iontráil i margaí monaplachta.

(i) ________________________________________________

(ii) ________________________________________________

(iii) ________________________________________________

(16 marc)

**3.** Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

Déantar an toisc tháirgeachta, saothar, a shainmhíniú mar an iarracht ____________________ atá i gceist i dtáirgeacht ______________________. Is é a thugtar ar an íocaíocht ar shaothar ná __________________.

(16 marc)

**4.** Táirgeann gnólacht 5 aonad gach seachtain. Tuilleann sé €1,500 as díolachán na 5 aonad seo. Glanann an gnólacht na costais seo a leanas: Bunábhair €400; Cíos ar Áitreabh €500; Pá €300.

Déan an méid seo a leanas a ríomh, agus taispeáin do chuid oibríochtaí:

(i) **COSTAS IOMLÁN** táirgeachta na 5 aonad ar fad:________________________________________

________________________________________________

(ii) an **BRABÚS** a dhéantar ar dhíolacháin: ________________________________________

________________________________________________

(iii) **COSTAS TÁIRGEACHTA AONAID AMHÁIN**: ________________________________________

________________________________________________

(16 marc)

**5.** Sainmhínigh **cáin indíreach.** Cuir fáinne timpeall ar an **DÁ** shampla de chánacha indíreacha ón liosta thíos.

Sainmhíniú: ______________________________________________

______________________________________________

Cuir fáinne timpeall ar **DHÁ CHEANN** díobh seo amháin:

ÍMAT CBL Dleacht Máil Cáin Chorparáide

(16 marc)

**6.** Ceann d'fheidhmeanna an airgid is ea **Meán malairte**.
Mínigh an téarma folínithe agus luaigh **DHÁ** fheidhm eile atá ag airgead.

Miniú: ______________________________________________

______________________________________________

Feidhm 1: ______________________________________________

Feidhm 2: ______________________________________________

(17 marc)

**7.** D'athraigh an ráta malairte €/$ **BLIAIN 1: €1 = $1.00** go dtí **BLIAIN 2: €1 = $1.20**

Bunaithe ar an eolas seo thuas, abair an ndeachaigh luach an euro (€) suas nó síos i gcoibhneas le dollar Mheiriceá ($).

**Freagra**: ______________

Mínigh do fhreagra go hachomair. ______________________________________________

______________________________________________

(17 marc)

**8.** D'fhorbair Adam Smith ceithre thréith (chanóin) do chóras maith cánachais.
Mínigh cad a thuig sé leis an téarma **COTHROMAS** agus luaigh **DHÁ** thréith eile (chanóin) a shonraigh sé do chóras maith cánachais.

Míniú: ______________________________________________

______________________________________________

Tréith 1: ______________________________________________

Tréith 2: ______________________________________________

(17 marc)

**9.** Cad iad na heagraíochtaí idirnáisiúnta a seasann na hinisileacha seo a leanas (i mBéarla) dóibh?

(i) IMF ______________ ______________ ______________

(ii) ECB ______________ ______________ ______________

(iii) WTO ______________ ______________ ______________


(17 marc)

***Ná dearmad go gcaithfidh tú an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais le do fhreagrarleabhar ina mbeidh na freagraí ar na ceisteanna i Roinn B.***

# ROINN B (300 Marc)

Freagair **Ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
Ná scríobh na freagraí do Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 marc)
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** Taispeánann an léaráid thíos cothromaíocht fhadtréimhseach ghnólachta in **Iomaíocht Neamhfhoirfe**.




**(a)** (i) Cóipeáil an léaráid i do fhreagarleabhar. Lipéadaigh go soiléir na línte ó 1 go 5.

.

(ii) Tarlaíonn cothromaíocht ag an bpointe **M** ar an léaráid.
Taispeáin ar do léaráid:

- an chainníocht a thairgeoidh an gnólacht i gcothromaíocht (úsáid lipéad $Q_1$)
- an praghas a ghearrfaidh an gnólacht ar an aschur seo (úsáid lipéad $P_1$)
- meánchostas táirgeachta an aschuir seo (úsáid lipéad $C_1$)

(iii) Luaigh agus mínigh cén fáth nach bhfuil an gnólacht thuas ag táirgeadh ag an bpointe is ísle ar a chuar meánchostais.

*(30 marc)*

**(b)** Luaigh **TRÍ** thréith/bhonn tuisceana atá ag margadh in Iomaíocht Neamhfhoirfe agus scríobh nótaí gearra ar gach ceann díobh seo.

*(25 marc)*

**(c)** Déanann gnólachtaí i ngnó na hollmhargaíochta fógraíocht rialta.
I gcás **DHÁ** cheann ar bith díobh seo a leanas, rianaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an bhfógraíocht:
(i) don ollmhargadh féin.
(ii) don tomhaltóir a dhéanann siopadóireacht san ollmhargadh.
(iii) don gheilleagar go ginearálta. *(20 marc)*

**[75 marc]**

**2.** **(a)** Luaigh agus mínigh **TRÍ** thoisc a mbíonn tionchar acu ar éileamh ar earra nó ar sheirbhís.

*(20 marc)*

**(b)** Taispeánann an tábla thíos an áirgiúlacht iomlán agus an áirgiúlacht imeallach a fhaigheann tomhaltóir de réir mar a mhéadaíonn cainníocht earra a chaitear.

| Líon na n-aonad caite | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Áirgiúlacht iomlán in aonaid | 20 | 45 | 75 | 90 | 100 | 105 |
| Áirgiúlacht imeallach in aonaid | 20 | 25 | 30 | **?** | **?** | **?** |

(i) Comhlánaigh an tábla i do fhreagarleabhar agus déan na figiúir atá in easnamh a ríomh.

(ii) Cé mhéad **aonad** a chaitear sula dtosaíonn Áirgiúlacht Imeallach Laghdaitheach ag feidhmiú?
Mínigh do fhreagra.

(iii) Luaigh earra **amháin** a chaitheann duine a bhféadfadh **nach** dtitfeadh an áirgiúlacht imeallach dá bharr.
Mínigh do fhreagra.

*(25 marc)*

**(c)** (i) Is í an fhoirmle chun Praghasleaisteachas an Éilimh a thomhas ná:

$$\frac{\Delta Q}{\Delta P} \times \frac{P_1 + P_2}{Q_1 + Q_2}$$

Mínigh cad dó a seasann gach ceann de na siombailí thuas.

(ii) Tá Praghasleaisteachas an Éilimh do ghnáthearra diúltach (i.e. tá comhartha míneas aige). Mínigh an bhrí atá leis an ráiteas seo agus luaigh sampla **amháin** d'earra dá leithéid.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**3.** **(a)** (i) Sainmhínigh **Talamh** mar thoisc tháirgeachta.

(ii) Luaigh agus mínigh bealach **AMHÁIN** ina bhfuil talamh éagsúil leis na tosca táirgeachta eile.

(iii) Tá ardú tagtha ar phraghas na talún (cíos) in Éirinn le blianta beaga anuas.
Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis leis an bhforbairt seo.

*(30 marc)*

**(b)** Tá tionchar ag praghas na talún ar chinneadh infheisteora chun gnólacht a lonnú in Éirinn. Luaigh agus mínigh **TRÍ** chúis eile a théann i bhfeidhm ar chinneadh infheisteoirí chun gnólachtaí a lonnú in Éirinn.

*(20 marc)*

**(c)** (i) Bíonn cuid mhór oibrithe toilteanach uaireanta breise a oibriú nuair a mhéadaíonn an ráta pá in aghaidh na huaire.
Tá oibrithe ann, áfach, arbh fhearr leo níos lú uaireanta a oibriú de réir mar a mhéadaíonn an ráta pá in aghaidh na huaire.
Luaigh agus mínigh cúis **AMHÁIN** a roghnódh oibrí níos lú uaireanta a oibriú.

(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a n-íoctar rátaí pá éagsúla ar phoist éagsúla.

*(25 marc)*

**[75marc]**

**4.** **(a)** Mar seo a leanas a bhí buiseád reatha measta an rialtais le haghaidh 2003:

| Ioncam Reatha Rialtais: | €20,000m | Caiteachas Reatha Rialtais: | €20,450m |
|---|---|---|---|

(i) Déan an difríocht idir an dá fhigiúr tugtha a ríomh, **agus** luaigh an téarma eacnamaíochta a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an difríocht seo.
(ii) Cén chaoi a maoiníonn an rialtas an difríocht seo?
(iii) Luaigh sampla **AMHÁIN** d'ioncam reatha rialtais agus sampla **AMHÁIN** de chaiteachas reatha rialtais.

*(25 marc)*

**(b)** Mínigh cén bhrí atá le **TRÍ CINN AR BITH** de na cuspóirí/aidhmeanna eacnamaíocha rialtais seo a leanas:

- Fás eacnamaíoch;
- Cobhsaíocht praghsanna;
- Forbairt réigiúnach chothrom;
- Lánfhostaíocht.

*(20 marc)*

**(c)** Thug Rialtas na hÉireann isteach scéim choigiltis nua dar teideal Cuntais Infheistíochta Choigiltis Speisialta (SSIAs).
(i) Tabhair míniú ar bhrí eacnamaíoch an téarma **coigilteas**.
(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** thoisc a théann i bhfeidhm ar leibhéal coigiltis duine.
(iii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a mbeadh fonn ar an rialtas méadú ar an leibhéal coigiltis in Éirinn a spreagadh.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**5**. **(a)** Tá roinnt mhaith tíortha tearcfhorbartha (LDCs i mBéarla) ann a bhfuil fadhbanna eacnmaíocha acu faoi láthair.
(i) Luaigh **CEITHRE** fhadhb eacnamaíocha atá ag cur as do na tíortha seo.
(ii) Scríobh nótaí gearra ar gach ceann díobh seo. *(25 marc)*

**(b)** (i) Luaigh **TRÍ** bheart a d'fhéadfadh rialtais na dtíortha tearcfhorbartha (LDCs) a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna eacnmaíocha seo.
(ii) Scríobh nótaí gearra ar gach ceann díobh seo.

*(20 marc)*

**(c)** Roghnaigh tír thearcfhorbartha (LDC) ar mian léi a hinfrastruchtúr a fhorbairt.

(i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** bhuntáiste eacnamaíocha a bhaineann leis an fhorbairt seo do shaoránaigh na tíre.

**agus**

(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** mhíbhuntáiste eacnamaíocha a bhaineann leis na feabhsúcháin seo do shaoránaigh na tíre.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

**6.** Taispeánann an tábla thíos Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh.

| **Tír** | **Aschur (táirgeacht per oibrí sa tseachtain)** | |
|---|---|---|
| | **MEAISÍNÍ** | **CARRANNA** |
| **AN FHRAINC** | **20** | **5** |
| **AN CHÓIRÉ** | **40** | **15** |
| **Aschur Iomlán** | **60** | **20** |

Cé go bhfuil An Chóiré níos éifeachtúla i dtáirgeacht an dá earra, ciallaíonn Dlí an Bhuntáiste Chomparáidigh go ndéanfaidh An Chóiré speisialú i dtáirgeacht carranna agus go ndéanfaidh An Fhrainc speisialú i dtáirgeacht meaisíní.

**(a)** (i) Má dhéanann An Chóiré speisialú i dtáirgeacht carranna agus An Fhrainc speisialú i dtáirgeacht meaisíní, déan an t-aschur iomlán dá thoradh sin a ríomh.
Taispeáin do chuid oibríochtaí.

(ii) Tá seans go gcinnfeadh rialtaís áirithe srian a chur ar shaorthrádáil idirnáisiúnta. Luaigh agus mínigh **TRÍ** mhodh trína bhféadfadh rialtas srian a chur ar shaorthrádáil idirnáisiúnta.
*(25 marc)*

**(b)** (i) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a bhfuil easpórtálacha tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.
(ii) Mínigh an téarma **'easpórtálacha dofheicthe'** agus luaigh **DHÁ** shampla d'easpórtálacha dá leithéid. *(30 marc)*

**(c)** (i) Ainmnigh **DHÁ CHEANN AR BITH** de na tíortha a chuaigh isteach san Aontas Eorpach (AE) i mí na Bealtaine 2004.
(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** bhuntáiste eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag na tíortha seo de bharr a gcuid ballraíochta san AE. *(20 marc)*

**[75 marc]**

**7.** **(a)** (i) Sainmhínigh **TRÍ CINN AR BITH** díobh seo a leanas:
- Tomhaltas;
- Ioncaim chomhchineáil;
- Infheistíocht;
- Geilleagar oscailte.

(ii) Tugtha: Ioncam Náisiúnta mar **(Y) = C + I + G + X - M**
Y = €500m; C = €300m; I = €100m; G = €80m and X = €50m.
Ríomh, agus na figiúirí tugtha á n-úsáid agat, leibhéal na **n-iompórtálacha** **(M)**. Taispeáin do chuid oibríochtaí ar fad. *(25 marc)*

**(b)** Modh amháin a úsáidtear chun an tIoncam Náisiúnta a ríomh is ea **Modh an Aschuir**.
(i) Luaigh **DHÁ** mhodh eile a úsáidtear chun an tIoncam Náisiúnta a ríomh.
(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** úsáid is féidir a bhaint as na staitisticí Ioncaim Náisiúnta.
*(20 marc)*

**(c)** De bharr fás géilleagrach i dtír áirithe, d'ardaigh an OTN (GNP i mBéarla) ó €500m sa bhliain 2002 go dtí €600m i 2003.
(i) Cad is brí leis na litreacha **OTN**?
(ii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** bhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag tír má thagann méadú ar an OTN aici.
(iii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** mhíbhuntáiste a d'fhéadfadh a bheith ag tír má thagann méadú ar an OTN aici. *(30 marc)*

**[75 marc]**

**8.** **(a)** (i) Sainmhínigh an téarma **príobháidiú**.

(ii) Ainmnigh na **TRÍ** chomhlacht a bhfuil príobháidiú déanta orthu **cheana féin** in Éirinn, ón liosta thíos.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **BSL/ESB** | **EIRCOM** | **AN POST** | **AER RIANTA** |
| **IRISH FERRIES** | **CIE** | **AER LINGUS** | **GREENCORE** |

**Nóta:** Ná luaigh níos mó ná trí chomhlacht ón liosta.

(iii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** chúis a ndéanfadh an rialtas príobháidiú ar chomhlachtaí stáit.

*(20 marc)*

**(b)** Sna blianta atá caite bhí deacrachtaí airgeadais ag Aer Lingus.

(i) Luaigh agus mínigh cúis **AMHÁIN** a raibh deacrachtaí dá leithéid ag Aer Lingus.

(ii) Dá mbeadh Aer Lingus le príobháidiú, luaigh agus mínigh buntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** agus míbhuntáiste eacnamaíoch **AMHÁIN** a bhainfeadh lena leithéid d'fhorbairt do **gach ceann** díobh seo a leanas:

- fostaithe Aer Lingus;
- paisinéirí Aer Lingus.

*(25 marc)*

**(c)** D'fhéadfadh an rialtas cuid den ioncam a ghnóthófaí ó phríobháidiú a chaitheamh ar chuid den **Fhiach Náisiúnta** a ghlanadh agus ciallóidh sé seo roinnt **deischostais** don rialtas.

(i) Sainmhínigh an dá théarma fholínithe.

(ii) Luaigh **DHÁ** úsáid eile a d'fhéadfaí a bhaint as an ioncam a ghnóthófaí ó phríobháidiú seachas an Fiach Náisiúnta a aisíoc.

(iii) Luaigh agus mínigh **DHÁ** bhuntáiste eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar **laghdú** ar Fhiach Náisiúnta na hÉireann.

*(30 marc)*

**[75 marc]**

***Ná dearmad go gcaithfidh tú an páipéar ceisteanna seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ina mbeidh na freagraí ar na ceisteanna i Roinn B.***

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN